

## NÓTAÍ DO CHEARDLANN 01

### SLEAMHNÁN 1

Sa cheardlann seo, táimid ag dul a phlé: Intinní foghlama & critéir ratha

2

Faoi dheireadh na ceardlainne seo:

- tuigfidh tú cad is intinní foghlama agus critéir ratha ann
- beidh tú in ann intinní foghlama agus critéir ratha a aithint agus a a chur in iúl
- agus beidh a fhios agat conas na cuir chuige seo don mheasúnú a úsáid go rathúil i do sheomra ranga.

3

Cé go mbíimid ag fí intinní foghlama isteach inár ndoiciméid phleanála, ní bhíimid i gcónaí maith ag comhroinnt intinní foghlama agus critéir ratha lenár scoláirí.

Léiríonn taighde go mbíonn scoláirí a fhaigheann an t-eolas seo go rialta sa seomra ranga:

- níos fócasaithe ar feadh tamaill níos faide
- níos inspreagtha

agus níos ábalta bheith freagrach as a gcuid foghlama féin.

4

I dtús báire, cad is intinn foghlama ann?

D'aon ghnó a úsáidtear an focal **intinn** mar go gcuireann sé níos mó béime ar **phróiseas** na foghlama agus ní ar an **toradh**. Is tábhachtach go ndírímid ar na conairí foghlama agus nach ndírímid go díreach ar an gcríochphointe.

Is minic a nasctar intinn foghlama le toradh foghlama amháin nó níos mó, a chuireann síos ar an rud ba mhaith leat a bheith ar eolas ag do chuid scoláirí.

Nóta don éascaitheoir: Gheobhaidh tú sampla úsáideach ar conas a rinne múinteoir amháin nasc idir na torthaí foghlama, na hintinní foghlama agus na critéir ratha agus é ag leagan amach tasc Béarla in Aguisín Leabhrán 1

5

Seo cúig chéim i gceapadh agus i seachadadh intinní foghlama.

Tá sé tábhachtach

- go bhfuilimid soiléir agus sonrathach faoi intinní foghlama agus faoi na cúiseanna a bhfuil sé tábhachtach na rudaí seo a fhoghlaim
- go mbrisimid na hintinní foghlama ina bpíosaí agus iad a aistriú go teanga a bhfuil ciall léi agus ar furasta í a úsáid
- intinní foghlama a thabhairt isteach agus a chomhroinnt mar is cuí ag tús an cheachta
- go ndéanaimid na ceachtanna a struchtúru chun gur féidir leis na scoláirí díriú ar an intinn foghlama agus breathnú siar uirthi trí chuir chuige amhail ceistiú, piarmheasúnú agus féinmheasúnú, aiseolas scríofa agus aiseolas ó bhéal agus seisiúin iomlánacha.

6

In áit intinní foghlama a cheapadh i dtaca leis an rud a bheidh an scoláire a **dhéanamh**, ní mór dúinn **an fhoghlaim** a shainmhíniú.

Mar sin is fiú cuimhne a choimeád ar an gceist – cad é ba mhaith liom na scoláirí a fhoghlaim? ní hé Cad é an rud ba mhaith liom iad a dhéanamh?

7

Sa chéad chuid eile den chur i láthair breathnóimid ar fhorbairt critéir ratha. Má insíonn intinní foghlama go soiléir cad é a fhoghlaim na scoláirí agus cén fáth, insíonn na critéir ratha do na scoláirí conas an rath a aithint.

I mbeagán focal, cuireann na critéir ratha in iúl do scoláirí cé acu a chomhlíon siad an intinn foghlama nó nár chomhlíon.

8

Ar roinnt fáthanna is cuid thábhachtach den fhoghlaim agus den mheasúnú é critéir ratha a shocrú.

I dtús báire, **tuigeann scoláirí níos fearr cad é atáthar ag iarraidh uathu** mar go ndíríonn na critéir ratha a bhfócas.

**Mar gheall air sin, cumasaítear na scoláirí** mar go dtuigeann siad níos soiléire cad é atá ag dul a thitim amach agus mothaíonn siad gur fearr atá siad in ann tabhairt faoin dúshlán atá san fhoghlaim.

Tugann critéir ratha deis duitse agus do na scoláirí **aiseolas** éifeachtach agus úsáideach a thabhairt – coinníonn siad tú féin agus na scoláirí dírithe ar na critéir lena ndéanfar measúnú ar an obair.

9

Baineann na tréithe seo le critéir le haghaidh ratha

- Tá **nasc láidir acu leis an intinn foghlama.**
- Baineann siad **go sonrath leis an ngníomhaíocht/tasc** agus athróidh siad le gach gníomhaíocht/tasc, fiú má bhíonn an intinn foghlama chéanna acu.
- **Comhaontaítear** iad leis na scoláirí roimh ré. Tá an plé seo faoi chritéir ratha an-tábhachtach sa seomra ranga.
- Spreagann siad freagracht agus neamhspleáchas trí scafláil a dhéanamh ar phiarmheasúnú agus ar fhéinmheasúnú.
- Caitear súil siar orthu agus úsáidtear iad chun aiseolas a thabhairt do scoláirí ar a gcuid foghlama. Is féidir leat féin agus na scoláirí araon an t-aiseolas seo a thabhairt.

10

Mar fhocal scoir, seo roinnt príomhphointí ar chóir cuimhneamh orthu faoi intinní foghlama agus faoi chritéir ratha.

11

Nuair a úsáidtear intinní foghlama agus tréithe cáilíochta

- bíonn scoláirí níos féin-inspreagtha;
- bíonn scoláirí in ann bheith ina bhfoghlaimoirí neamhspleácha;
- bíonn tuiscint níos fearr ann
- cabhraíonn sé chun fócas a bheith leis an aiseolas.

Níl sé seo go hiomlán nua ach ní mór dúinn bheith níos córasaí faoi na cuir chuige seo a úsáid inár seomraí ranga.

12

***Anois tá tú réidh le bogadh chuig na hábhair i leabhrán Cheardlann 01 atá ag dul leis seo.***